CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 136/24

**Lucsamburg, 10 Meán Fómhair 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-351/22 | Neves 77 Solutions

# Bearta sriantacha i gcoinne na Rúise: ceadaítear fáltais iomlán idirbhirt a chumhdaítear leis an toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta a sholáthar do threalamh míleata a choigistiú

*Tá an Chúirt inniúil chun léiriú a dhéanamh chomh maith ar bheart a bhaineann le cur i bhfeidhm ginearálta cinnidh CBES ar cheart a bheith curtha chun feidhme i rialachán agus a fheidhmíonn mar bhonn le beart smachtbhanna náisiúnta.*

Ba cheart an toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta le haghaidh trealamh míleata a sholáthar d'oibreoir sa Rúis, atá mar bhunús leis an mbeart smachtbhanna náisiúnta, a bheith curtha chun feidhme trí rialachán. Tá feidhm ag an toirmeasc sin fiú murar allmhairíodh an trealamh sin isteach i mBallstát riamh. Ceadaítear le dlí an Aontais na suimeanna go léir a bhailítear i ndáil le soláthar seirbhísí den sórt sin a choigistiú.

Neves 77 Solutions SRL (Neves), cuideachta aerloingseoireachta Rómánach, a rinne idirghabháil in idirbheart idir cuideachta Úcránach, SFTE Spetstechnoexport, agus cuideachta Indiach chun 32 stáisiún raidió a dhíol, ar monaraíodh 20 díobh sa Rúis. Chuir údaráis na Rómáine Neves ar an eolas i samhradh 2019 go gcumhdaítear gníomhaíochtaí bróicéireachta a bhaineann leis na táirgí sin leis an toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta a bhaineann le trealamh míleata a sholáthar d'oibreoir sa Rúis, a ghlac an tAontas mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

Mar sin féin fuair Neves beagnach 3 mhilliún euro ó SFTE Spetstechnoexport chun a chuid seirbhísí bróicéireachta a sholáthar. Mar thoradh air sin, ghearr údaráis na Rómáine fíneáil RON 30 000 (thart ar EUR 6 000) ar Neves agus choigistigh siad an méid a fuarthas le haghaidh na seirbhísí sin.

Fiafraíonn cúirt de chuid na Rómáine den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin i gcás nár allmhairíodh an trealamh míleata lena mbaineann isteach san Aontas riamh agus an bhfuil na smachtbhannaí náisiúnta a forchuireadh mar gheall ar shárú an toirmisc sin comhoiriúnach le ceart chun maoine an ghnóthais lena mbaineann.

Ar an gcéad dul síos, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais a **dlínse** chun léiriú a dhéanamh ar fhoráil de raon feidhme ginearálta chinneadh CBES a bhunaíonn bearta smachtbhanna náisiúnta a fhorchuirtear ar chuideachta. Ní féidir dul timpeall ar dhlínse na Cúirte chun léiriú aonfhoirmeach a thabhairt ar dhlí an Aontais i gcás, mar atá sa chás sin, inar cheart an beart sriantach lena mbaineann a bhfuil feidhm ghinearálta aige a ionchorprú i rialachán, a bhfuil dlínse ag an gCúirt ina leith ar aon nós.

Maidir leis an tsubstaint, measann an Chúirt go bhfuil feidhm ag an **toirmeasc** ar sheirbhísí bróicéireachta i ndáil le trealamh míleata **a sholáthar d'oibreoir sa Rúis fiú murar allmhairíodh na táirgí sin isteach i mBallstát riamh**. D'fhéadfaí dul timpeall ar thoirmeasc den sórt sin go héasca dá mba leor é, chun éalú ón toirmeasc sin, chun go bhféadfadh an trealamh sin idirthuras a dhéanamh gan dul trí chríoch an Aontais Eorpaigh.

Tugann an Chúirt dá haire freisin **go gceadaítear le dlí an Aontais coigistiú uathoibríoch a dhéanamh ar na suimeanna go léir a bhailítear i ndáil le seirbhísí bróicéireachta** a bhaineann le trealamh míleata a sholáthar d'oibreoir sa Rúis. Is fíor go gcuireann sé sin teorainn le ceart an tsoláthróra chun maoine ar na suimeanna sin. Mar sin féin, is iomchuí teorannú den sórt sin chun éifeachtacht an toirmisc atá i gceist a áirithiú agus, dá bhrí sin, tá sé comhréireach i bprionsabal i bhfianaise na gcuspóirí dlisteanacha atá á saothrú ag an Aontas Eorpach, eadhon iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine a chosaint.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!